Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15505/25**

**SOC 780**
**EMPL 517**
**ECOFIN 1527**
**COMPET 1171**
**FIN 1362**
**CADREFIN 324**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 683 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le gníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) in 2023 and 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 683 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 683 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2025
COM(2025) 683 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le gníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) in 2023 and 2024**

GA GA

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Bunaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) in 2007 chun dlúthpháirtíocht a léiriú d'oibrithe a chailleann a bpost mar thoradh ar dhomhandú nó ar phatrúin trádála domhanda atá ag athrú. Cuireann sé cúnamh ar fáil i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus cuireann sé fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe chun cinn. Is féidir le hoibrithe iomarcacha agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht cuidiú a fháil ó CED chun a gcuid scileanna a oiriúnú agus poist nua a aimsiú, rud a fhágann gur féidir aistriú rianúil chuig fostaíocht nua a dhéanamh.

Leathnaíodh raon feidhme an chiste ina dhiaidh sin chun tacú le daoine a chaill a bpost mar gheall ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch.

Le haghaidh na tréimhse 2021-2027, leathnaíodh raon feidhme an Rialacháin maidir le CED[1] a thuilleadh chun go mbeadh an ciste in ann tacú le hoibrithe a chaill a bpost gan beann ar chúis an teagmhais athstruchtúrúcháin. Áirítear leis sin, mar shampla, athruithe struchtúracha a eascraíonn as domhandú, géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, digitiú nó uathoibriú nó an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

Mar chiste éigeandála, feidhmíonn CED go frithghníomhach. Faigheann sé treoraíocht ó na prionsabail maidir le comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; coinníollacha córa oibre; agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a leagtar síos i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[2]. Trí na prionsabail sin a chur chun feidhme, cuidíonn an ciste le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a neartú idir réigiúin agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh, rud a chomhlánaíonn cláir agus seirbhísí tacaíochta athstruchtúrúcháin eile d'oibrithe.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí CED in 2023 agus 2024. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí:

- Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir trí Bhallstát seacht n-iarratas isteach, arb ionann iad agus EUR 27.7 milliún san iomlán (ranníocaíocht CED EUR 21.2 milliún agus ranníocaíocht náisiúnta EUR 6.5 milliún), arb é is aidhm dóibh tacaíocht a thabhairt do 5 643 oibrí, ón tionscal gluaisteán agus ó mhonarú miotal bunúsach den chuid is mó, agus an earnáil miondíola ina dhiaidh sin.
- Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ocht gcinneadh chun cistiú CED a shlógadh le haghaidh méid iomlán dar luach EUR 16.4 milliún chun tacaíocht a thabhairt do 4 108 oibrí[3].

[1] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

[2] Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

[3] As na hocht gcinneadh, bhain dhá cheann le hiarratais CED a fuarthas ag deireadh 2022 (EGF/2022/002 BE/TNT Express Worldwide; EGF/2022/003 ES/Alu Ibérica). Fuarthas iarratas amháin (EGF/2024/003/BE Van Hool) sa ráithe dheireanach de 2024 agus glacadh é in 2025.

- Fuair an Coimisiún 11 thuarascáil chríochnaitheach, ina léirítear go raibh 64 % de na hoibrithe a thairbhigh de na bearta fostaithe arís faoi dheireadh na tréimhse cur chun feidhme.

# CLÁR


1. Réamhrá .... 4

2. Anailís ar ghníomhaíochtaí CED in 2023 agus 2024 .... 5

2.1. Iarratais a cuireadh isteach .... 5

2.1.1. Iarratais arna miondealú de réir an chritéir idirghabhála agus na cúise leis an dífhostú .... 6

2.1.2. Iarratais de réir earnála .... 6

2.1.3. Iarratais arna gcur isteach de réir an lín tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú .... 7

2.1.4. Iarratais arna gcur isteach de réir an mhéid a iarradh .... 8

2.1.5. Iarratais de réir méide in aghaidh an tairbhí .... 9

2.1.6. Am próiseála .... 10

2.2. Cinntí glactha agus ranníocaíochtaí a deonaíodh .... 11

2.2.1. Bearta arna gcómhaoiniú ag CED .... 13

2.2.2. Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag cistí náisiúnta nó cistí de chuid an Aontais .... 13

2.3. Iarratais ar diúltaíodh dóibh .... 14

2.4. Torthaí a baineadh amach .... 15

2.4.1. Achoimre ar na torthaí a tuairiscíodh in 2023 agus 2024 .... 17

2.4.2. Ráta athimeasctha an tairbhí .... 17

2.4.3. Suirbhé ar thairbhithe .... 19

2.5. Feidhmiú airgeadais .... 21

2.5.1. Ranníocaíochtaí CED .... 21

2.5.2. Cúnamh teicniúil .... 21

2.5.3. Neamhrialtachtaí tuairiscithe .... 22

2.5.4. Foirceannadh ranníocaíochtaí airgeadais CED .... 23

2.6. Gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil arna ndéanamh ag an gCoimisiún .... 25

2.6.1. Faisnéis agus poiblíocht – an suíomh gréasáin .... 25

2.6.2. Cruinnithe le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara CED .... 26

2.6.3. Córas um malartú sonraí leictreonacha (SFC2021) .... 26

2.6.4. Meastóireacht mheántéarma an Choimisiúin ar CED 2021-2027 .... 26

# 1. Réamhrá

Faoin Rialachán maidir le CED 2021-2027[4], léiríonn an tAontas dlúthpháirtíocht le hoibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht mar gheall ar aon mhórtheagmhas athstruchtúrúcháin, amhail domhandú, géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, digitiú nó uathoibriú nó an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, agus cuireann sé tacaíocht ar fáil dóibh. Tugadh isteach athruithe móra don tréimhse 2021-2027[5] chun na rialacha a dhéanamh níos cuimsithí agus níos solúbtha, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí freagairt níos fearr a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Chun cuidiú le hoibrithe iomarcacha poist nua a aimsiú, cómhaoiníonn CED bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit. Forlíonann sé bearta náisiúnta i gcás iomarcaíochtaí comhchoiteanna tobanna tar éis mórtheagmhas athstruchtúrúcháin, agus cuireann sé tacaíocht níos pearsantaithe ar fáil do na hoibrithe iomarcacha is leochailí, atá saincheaptha dá riachtanais.

Sa tuarascáil seo chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, cuirtear measúnú ar ghníomhaíochtaí CED le 2 bhliain anuas ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/691.

Dírítear sa tuarascáil ar na torthaí a baineadh amach agus cuirtear faisnéis ar fáil, go háirithe, maidir leis na nithe seo a leanas:

- iarratais a cuireadh isteach;
- an t-am próiseála;
- cinntí glactha;
- na bearta a cistíodh, lena n- áirítear a gcomhlántacht le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag ionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+);
- staidreamh maidir leis na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CED;
- na suirbhéanna ar na tairbhithe;
- foirceannadh ranníocaíochtaí airgeadais; agus iarratais diúltaithe.

Tugtar an tuarascáil i gcrích trí thorthaí mheastóireacht mheántéarma an Choimisiúin ar CED 2021-2027 a chur i láthair go hachomair, a foilsíodh an 8 Iúil 2025[6].

---

[4] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha.
[5] Go háirithe: (a) laghdaíodh an tairseach incháilitheachta ó 500 go 200 oibrí iomarcach; b) teorainneacha ama níos giorra don Choimisiún agus do na Ballstáit araon; c) ceanglais agus nósanna imeachta simplithe maidir le hiarratais; d) ráta cómhaoinithe CED ailínithe leis an ráta cómhaoinithe CSE+ is airde sa Bhallstát ábhartha nó 60 %, cibé acu is airde.
[6] COM(2025) 382 final agus SWD(2025) 180.

## 2. Anailís ar ghníomhaíochtaí CED in 2023 agus 2024

### 2.1. Iarratais a cuireadh isteach

In 2023 agus 2024, fuair an Coimisiún 7 n-iarratas, ón mBeilg, ón nGearmáin agus ón Danmhairg, ar mhéid iomlán EUR 27.7 milliún (ranníocaíochtaí náisiúnta agus CED le chéile). Bhí sé d'aidhm ag na hiarratais tacaíocht a thabhairt do 5 643 oibrí.

***Tábla 1: Iarratais a cuireadh isteach in 2023 agus 2024***

| Tagairt CED | Ballstát | Teideal an cháis | Earnáil in ainmníocht ghearr | Rannán NACE Athbhreithniú 2 | Dáta an iarratais | Airt. 4. Na critéir idirghabhála Rialachán (AE) 2021/691 | Cúis leis an iomarcaíocht | Ranníocaíocht náisiúnta (in EUR) (40% nó níos lú de mhéid iomlán an cháis) | Ranníocaíocht CED (in EUR) (60 % nó níos mó de mhéid iomlán an cháis) | Ráta cómhaoinithe CED (in %) | An líon oibrithe iomarcacha | An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | Sciar na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú vs. oibrithe iomarcacha | Meánmhéid CED in aghaidh an tairbh ar a bhfuiltear ag díriú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | A | B | C | D | E | E/D | B/E |
| **EGF/2023/001** | **BE** | **Lóistíocht Nivelles** | Gníomhaíochtaí ollstórála agus tacaíochta le haghaidh iompair | 52,49 | 17/02/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 380,004 | 2,153,358 | 85% | 603 | 603 | 100% | 3,571 |
| **EGF/2023/002** | **BE** | **Makro** | Miondíol | 47 | 03/07/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 499,098 | 2,828,223 | 85% | 1,431 | 421 | 29% | 6,718 |
| **EGF/2023/003** | **DE** | **Vallourec** | Miotail bhunúsacha | 24 | 15/11/2023 | 4(2)(a) | Trádáil | 1,989,752 | 2,984,627 | 60% | 1,518 | 835 | 55% | 3,574 |
| **EGF/2023/004** | **DK** | **Coróin na Danmhai** | Táirgí bia | 10 | 06/12/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 1,254,808 | 1,882,212 | 60% | 751 | 390 | 52% | 4,826 |
| **EGF/2024/001** | **BE** | **Match** | Miondíol | 47 | 03/06/2024 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 469,688 | 2,661,564 | 85% | 513 | 365 | 71% | 7,292 |
| **EGF/2024/002** | **BE** | **Innealra agus páipé** | Innealra agus trealamh & páipéar | 17, 28 | 19/07/2024 | 4(2)(c) | Ró-acmhainn earnála (páipéar) & Tosaíocht tomhaltóirí do chórais téimh mhalartacha do radaitheoirí painéil. | 469,424 | 704,135 | 60% | 681 | 632 | 93% | 1,114 |
| **EGF/2024/003** | **BE** | **Van Hool** | Gluaisteáin | 29 | 28/10/2024 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 1,411,591 | 7,999,015 | 85% | 2,411 | 2,397 | 99% | 3,337 |
| **An líon iomlán iarratas a fuarthas in 2023 agus 2024: 7** | | | | | | **4(2)(a)=6 4(2)(c)=1** | **Iomlán** | **6,474,365** | **21,213,134** | | **7,908** | **5,643** | **71%** | **3,759** |
| | | | | | | | **Meán le haghaidh seacht n-iarratas** | **924,909** | **3,030,448** | | **1,130** | **806** | | |

** Roghnaigh an Bheilg ráta cómhaoinithe an Chomhphobail 60 % d'innealra Limbourg agus do pháipéar cé go bhféadfadh sí suas le ráta 85 % a iarraidh.*

*2.1.1. Iarratais arna miondealú de réir an chritéir idirghabhála agus na cúise leis an dífhostú*

Bhain 6 iarratas le hiomarcaíochtaí i bhfiontar agus a sholáthróirí agus a tháirgeoirí iartheachtacha[7] agus bhain ceann amháin le hiomarcaíochtaí sa réigiún céanna sa Bheilg[8]. Tugadh isteach sa Rialachán reatha an fhéidearthacht iomarcaíochtaí sa réigiún céanna a chomhcheangal in aon iarratas amháin, fiú má dhéanann siad difear d'earnálacha éagsúla[9]. Ba é innealra agus páipéar Limburg (EGF/2024/002 BE) an chéad iarratas a bhain leas as an bhféidearthacht sin.

De réir na mBallstát iarrthach, bhain 5 iarratas le géarchéim chorparáideach (BE agus DK) agus bhain 2 iarratas le trádáil (DE) agus cúiseanna eile athstruchtúrúcháin[10] (BE).

*2.1.2. Iarratais de réir earnála[11]*

Bhain na hiarratais le hiomarcaíochtaí in 8 n- earnáil: gluaisteáin, miotail bhunúsacha, táirgí bia, iompar de thalamh, innealra agus trealamh, páipéar, miondíol agus trádstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair. Bhí 2 iarratas ann don earnáil miondíola agus bhain 2 iarratas ón mBeilg[12] le níos mó ná earnáil amháin.

Ba ag an tionscal gluaisteán (2 397) a bhí an líon is mó tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, agus ina dhiaidh sin miotail bhunúsacha (835) agus an earnáil miondíola (786). Den chéad uair, rinneadh iarratas chun tacú le hoibrithe iomarcacha in earnáil an pháipéir.

***Cairt 1: An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú in aghaidh na hearnála in 2023–2024***




**An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú: 5 643**

[7] Airteagal 4(2)(a) den Rialachán.
[8] Airteagal 4(2)(c) den Rialachán.
[9] Bhí an fhéidearthacht ann cheana iomarcaíochtaí a chomhcheangal sa réigiún céanna in aon iarratas amháin, ach ar choinníoll gur leis an earnáil chéanna iad ar fad (Airteagal 4(2)(b) den Rialachán).
[10] Ró-acmhainneacht earnála (páipéar) agus tosaíocht tomhaltóirí do chórais téimh seachas radaitheoirí painéil (innealra).
[11] Earnálacha ar leibhéal rannáin NACE Ath. 2.
[12] EGF/2023/001 BE Lóistíocht Nivelles (trádstóras agus iompar de thalamh), agus innealra agus páipéar Limburg EGF/2024/002 BE.

*2.1.3. Iarratais arna gcur isteach de réir an lín tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

Bhí 5 643 thairbhí ar a bhfuiltear ag díriú san iomlán (71 % de na 7 908 n-oibrí iomarcacha; féach Tábla 1). D'iarr an Bheilg, le 5 iarratas, tacaíocht CED don líon is mó tairbhithe (4 418), agus ina dhiaidh sin an Ghearmáin (835) agus an Danmhairg (390). Ba é meánlíon na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú in aghaidh an iarratais ná 806.

D'fhéadfadh an cóimheas idir na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus oibrithe iomarcacha a bheith éagsúil, toisc go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh díriú ar ghrúpaí sonracha. Mar shampla, in dhá cheann dá hiarratais, ghlac an Bheilg cur chuige réigiúnach: i bhfianaise mhargadh saothair láidir Pléimeannach, glacadh leis go mbeadh oibrithe Pléimeannacha in ann poist nua a aimsiú leis an tacaíocht náisiúnta atá ar fáil. Dá bhrí sin, níor iarradh cómhaoiniú CED ach amháin d'oibrithe na Vallúine.

*Próifíl tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú de réir inscne, aoise agus leibhéal oideachais*

Fir a bhí in 87 % de na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, bhí 62 % díobh idir 30-54 bliana d'aois agus bhí meánoideachas uasta nó iar- mheánoideachas curtha i gcrích ag 61 % díobh. Níl aon chlaontacht inscne i roghnú na dtairbhithe; ina ionad sin, léiríonn a bpróifíl gur tharla an chuid is mó de na hiomarcaíochtaí in earnálacha ina raibh fir den chuid is mó sa lucht saothair (90 % nó níos mó).

***Cairt 2: Próifíl tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú de réir inscne agus de réir iarratais***



**_Cairt 3: Próifíl tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú de réir leibhéal oideachais_**




**_Cairt 4: Próifíl tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú de réir aoise_**




*2.1.4. Iarratais arna gcur isteach de réir an mhéid a iarradh*

Comhlánaíonn ranníocaíocht airgeadais CED bearta na mBallstát ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Is faoin mBallstát iarrthach atá sé a áirithiú go gcomhlíonann na bearta arna gcistiú ag CED na rialacha maidir le Státchabhair agus nach bhfuil aon chistiú dúbailte ann trí bhuiséad an Aontais. Thairis sin, níor cheart bearta arna gcistiú ag CED a chur in ionad aon bheart atá faoi chúram cuideachtaí faoi chomhaontuithe náisiúnta dlí nó comhaontuithe comhchoiteanna.

Ní mór do Bhallstát a dhéanann iarratas ar thacaíocht CED pacáiste comhordaithe beart a tharraingt suas, ar bearta iad is fearr a oireann do phróifílí na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Faoi Rialachán (AE) 2021/691, 60 % atá sa ráta cómhaoinithe CED nó tá sé cothrom leis an ráta cómhaoinithe CSE+ is airde sa Bhallstát ábhartha[13], cibé acu is airde.

Ba é EUR 21 213 134 méid iomlán na tacaíochta CED a iarradh sna 7 n-iarratas. D'iarr an Bheilg, ag a bhfuil 5 iarratas agus ráta cómhaoinithe 85 %[14] an méid is airde (EUR 16 346 295), agus ina dhiaidh sin an Ghearmáin (EUR 2 984 627) agus an Danmhairg (EUR 1 882 212), agus aon iarratas amháin agus ráta cómhaoinithe 60 % ag gach ceann acu.

[13] Tá rátaí cómhaoinithe CSE+ idir 40 % agus 85 %.
[14] San iarratas EGF/2024/002 Be/innealra agus páipéar Limburg, d'iarr an Bheilg cómhaoiniú 60 %.

*2.1.5. Iarratais de réir méide in aghaidh an tairbhí*

Ní chuirtear teorainn le Rialachán (AE) 2021/691 leis an méid buiséadaithe ná leis an méid a iarradh in aghaidh an tairbhí ar a bhfuiltear ag díriú. Is féidir leis an méid a bheith éagsúil de réir mar a bheidh an cás sa mhargadh saothair ábhartha, imthosca aonair na dtairbhithe, agus an tacaíocht atá ar fáil agus an costas a bhaineann leis na seirbhísí ábhartha a sholáthar sa Bhallstát lena mbaineann.

***Cairt 5: An méid arna bhuiséadú in aghaidh an tairbhí (cómhaoiniú náisiúnta agus CED) in 2023-2024***




**An meánmhéid buiséadaithe in aghaidh an tairbhí: EUR 4 907**

***Cairt 6: Méid CED a iarradh in aghaidh an tairbhí agus in aghaidh an Bhallstáit in 2023-2024***



*

*Léirítear ráta cómhaoinithe CED le haghaidh gach Ballstáit idir lúibíní.*

**An meánmhéid CED a iarradh in aghaidh an tairbhí: EUR 3 759**

---

* San iarratas EGF/2024/002 Be/Innealra agus páipéar Limburg, d'iarr an Bheilg cómhaoiniú 60 %.

*2.1.6. Am próiseála*

I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán maidir le CED, Ballstát ar mian leis iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní mó dó é sin a dhéanamh laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2) (3) nó (4). Tá 10 lá oibre ag an gCoimisiún ansin chun aon fhaisnéis bhreise a theastaíonn uaidh chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas a iarraidh, ón dáta a fhaigheann sé é (nó aistriúchán más gá). Ní mór don Bhallstát freagra a thabhairt laistigh de 15 lá oibre ón iarraidh a fháil, ach is féidir leis síneadh 10 lá a iarraidh má tá an iarraidh ar shíneadh cuí-réasúnaithe. A luaithe a fhaigheann sé an fhaisnéis sin, tá 50 lá oibre ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonan an t-iarratas na coinníollacha maidir le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil agus chun a mholadh go slógfar an ciste. Mura bhfuil an Coimisiún in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh, ní mór dó míniú a thabhairt ar an moill ar chur i gcrích an mheasúnaithe.

Ghlac an Coimisiún na hiarratais uile a fuarthas in 2023-2024 idir 49 agus 75 lá ó dháta an iarratais nó ón dáta a cuireadh an t-aistriúchán ar fáil, agus ar an gcaoi sin urramaíodh na 75 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 8(4) (5) agus (6) den Rialachán maidir le CED.

Faoi Airteagal 15(1) den Rialachán maidir le CED, ní mór don údarás buiséadach cinneadh a dhéanamh laistigh de 6 seachtaine[15] ón togra ón gCoimisiún. Rinneadh an cinneadh maidir le slógadh laistigh den teorainn ama i bhformhór na gcásanna agus bhí sé an-tapa (30 lá féilire) i gcás EGF/2024/002 Be/innealra agus páipéar Limbourg.

***Tábla 2: Am próiseála an Choimisiúin agus an údaráis bhuiséadaigh***

| CED Tag. | Cás | Dáta an iarratais nó an aistriúcháin | Glactha ag an gCoimisiún | Laethanta oibre | Dáta sínithe an BA | Laethanta féilire |
|---|---|---|---|---|---|---|
| EGF/2023/001 | Lóistíocht Nivelles | 17/02/2023 | 06/06/2023 | 71 | 12/07/2023 | 36 |
| EGF/2023/002 | Makro | 03/07/2023 | 13/10/2023 | 74 | 22/11/2023 | 40 |
| EGF/2023/003 | Vallourec * | 15/11/2023 | 29/02/2024 | 71 | 24/04/2024 | 55 |
| EGF/2023/004 | Coróin na Danmhairge | 06/12/2023 | 29/02/2024 | 56 | 24/04/2024 | 55 |
| EGF/2024/001 | Match | 03/06/2024 | 16/09/2024 | 75 | 23/10/2024 | 37 |
| EGF/2024/002 | Innealra agus páipéar Limbourg* | 28/08/2024 | 05/11/2024 | 49 | 05/12/2024 | 30 |
| EGF/2024/003 | Van Hool* | 03/12/2024 | 26/03/2025 | 73 | 07/05/2025 | 42 |

[15] Thart ar 42 lá féilire.

## 2.2. Cinntí glactha agus ranníocaíochtaí a deonaíodh

Is ionstraim speisialta théamach é CED, lasmuigh d'uasteorainneachaan chreata airgeadais ilbhliantúil. Déantar an ciste a shlógadh trí chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

In 2023-2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle 8 gcinneadh lenar slógadh cistiú CED dar luach EUR 16 445 516, lena gcuirtear tacaíocht ar fáil do 4 108 n-oibrí i gceithre Bhallstát[16]. Bhain na cinntí le 2 iarratas a fuarthas sa ráithe dheireanach de 2022, 4 iarratas a fuarthas in 2023 agus 2 iarratas a fuarthas in 2024. Cumhdaítear i dTábla 3, dá bhrí sin, sraith cásanna atá éagsúil leis an tsraith atá i dTábla 1 (iarratais a cuireadh isteach in 2023 agus 2024).

* Bhí gá le haistriúchán.

[16] An Bheilg (5 chás), an Spáinn, an Ghearmáin agus an Danmhairg.

## *Tábla 3: Mionsonraí maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh in 2023 agus 2024 (Dáta an tsínithe ag an údarás buiséadach in 2023 agus 2024)*

| Tagairt CED | Ballstát | Cás | Dáta an iarratais | Airt. 4. Na critéir idirghabhála | Cúis leis an iomarcaíocht | Ranníocaíocht náisiúnta (in EUR) | Ranníocaíocht CED a deonaíodh (in EUR) | Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | Meán-ranníocaíocht CED in aghaidh an tairbhí (in EUR) | Fir ar a bhfuiltear ag díriú | Mná ar a bhfuiltear ag díriú | Daoine faoi bhun 30 bliain d'aois | Daoine 30-54 bliana d'aois ar a bhfuiltear ag díriú | Daoine os cionn 54 bliana d'aois ar | Dáta sínithe an údaráis bhuiséadaigh | Dáta na híocaíochta (aistriú bainc) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| EGF/2022/002 | BE | TNT | 18/10/2022 | 4(2)(a) | Táthcheangal | 345,247 | 1,956,397 | 559 | 3,500 | 487 | 72 | 13 | 368 | 178 | 15/03/2023 | 03/04/2023 |
| EGF/2022/003 | ES | Alu Ibérica | 30/11/2022 | 4(2)(a) | Trádáil | 225,000 | 1,275,000 | 303 | 4,208 | 293 | 10 | 0 | 294 | 9 | 10/05/2023 | 31/05/2023 |
| EGF/2023/001 | BE | Lóistíocht Nivelles | 17/02/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 380,004 | 2,153,358 | 603 | 3,571 | 586 | 17 | 27 | 450 | 126 | 12/07/2023 | 19/07/2023 |
| EGF/2023/002 | BE | Makro | 03/07/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 499,098 | 2,828,223 | 421 | 6,718 | 189 | 232 | 2 | 229 | 190 | 22/11/2023 | 05/12/2023 |
| EGF/2023/003 | DE | Vallourec | 15/11/2023 | 4(2)(a) | Trádáil | 1,989,752 | 2,984,627 | 835 | 3,574 | 798 | 37 | 53 | 614 | 168 | 24/04/2024 | 17/06/2021 |
| EGF/2023/004 | DK | Coróin na Danmhairg | 06/12/2023 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 1,254,808 | 1,882,212 | 390 | 4,826 | 335 | 55 | 39 | 275 | 76 | 24/04/2024 | 15/05/2024 |
| EGF/2024/001 | BE | Match | 03/06/2024 | 4(2)(a) | Géarchéim chorparáideach | 469,688 | 2,661,564 | 365 | 7,292 | 238 | 127 | 28 | 222 | 115 | 23/10/2024 | 06/11/2024 |
| EGF/2024/002 | BE | Innealra agus páipéar Limbourg | 19/07/2024 | 4(2)(c) | Ró-acmhainneacht earnála (páipéar). Athruithe ar threochtaí tomhaltóirí (radaitheoirí) | 469,424 | 704,135 | 632 | 1,114 | 604 | 28 | 55 | 355 | 222 | 05/12/2024 | 24/12/2024 |
| **An líon iomlán cinntí agus íocaíochtaí in 2023 agus 2024: 8** | | | | **Figiúirí iomlána** | | **5,633,021** | **16,445,516** | **4,108** | **4,003** | **3,530** | **578** | **217** | **2,807** | **1,084** | | |
| | | | | **4(2)(a)=7 4(2)(c)=1** | **Géarchéim chorparáideach = 4 Trádáil = 2 Eile = 2** | **704,128** | **2,055,690** | **514** | | **86%** | **14%** | **5%** | **69%** | **26%** | **Meánfhigiúirí le haghaidh ocht gcás** | |

### *2.2.1. Bearta arna gcómhaoiniú ag CED*

Faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691, is féidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED tacaíocht a thabhairt do bhearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair ar cuid de phacáiste comhordaithe seirbhísí pearsantaithe iad, atá deartha chun athimeascadh na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a éascú, go háirithe an dream is mó faoi mhíbhuntáiste ina measc, ar ais san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht.

Deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais CED in 2023 agus 2024 le haghaidh na gcineálacha beart seo a leanas:

- ceirdtreoir agus gairmthreoir,
- dianchúnamh cuardaigh poist atá saincheaptha do riachtanais na dtairbhithe; feabhas a chur ar scileanna ginearálta; borradh a chur faoi dheiseanna agus faoi chumas cuardaitheoirí poist páirt a ghlacadh i gcúrsaí uas-scilithe nó riachtanais poist a chomhlíonadh,
- athoiliúint, uas- sciliú agus gairmoiliúint, lena n- áirítear oiliúint chothrománach agus oiliúint i scileanna boga, oiliúint fiontraíochta agus cláir ardoideachais,
- comhairleoireacht agus meantóireacht atá dírithe ar phost nua a aimsiú agus meantóireacht a dhéanamh ag tús an phoist nua,
- fiontraíocht agus ranníocaíochtaí a chur chun cinn do ghnólacht nuathionscanta,
- ath- imlonnú tapa aonuaire agus dreasachtaí fostaíochta; liúntais éagsúla (e.g. cuardach poist, oiliúint nó fiontraíocht, nó chun rannpháirtíocht in oiliúint TF nó teanga a spreagadh) agus ranníocaíochtaí (e.g. i dtreo costas comaitéireachta nó cúraim do chleithiúnaithe).

Agus a bpacáistí tacaíochta á ndearadh acu, chuir na Ballstáit cúlra, leibhéal oideachais, taithí agus soghluaisteacht tairbhithe aonair san áireamh, chomh maith le deiseanna fostaíochta atá ann faoi láthair nó a bhfuiltear ag súil leo amach anseo sna margaí saothair ábhartha. Chuir siad san áireamh freisin na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú agus an gá atá le scileanna a scaipeadh don ré dhigiteach thionsclaíoch agus do gheilleagar atá tíosach ar acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le CED.

### *2.2.2. Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag cistí náisiúnta nó cistí de chuid an Aontais*

Cuirtear bearta CED ar fáil i gcónaí sa bhreis ar thacaíocht náisiúnta rialta, rud a áirithíonn comhlántacht. Go háirithe, comhlánaíonn an ciste CSE+, príomhionstraim an Aontais chun fostaíocht a chur chun cinn. Tugann an dá chiste aghaidh ar shaincheisteanna fostaíochta ó pheirspictíochtaí ama éagsúla: saothraíonn CSE+ spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha (e.g. borradh a chur faoin gcaipiteal daonna agus athrú a bhainistiú) bunaithe ar chlár ilbhliantúil, ach cuireann CED tacaíocht ar fáil mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Tacaíonn sé le

hoibrithe iomarcacha nó le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht mar gheall ar theagmhas sonrach athstruchtúrúcháin ar mhórscála as a n-eascraíonn líon ard iomarcaíochtaí thar thréimhse ghearr ama.

Cuireann CED ar a gcumas do na Ballstáit tacaíocht phearsantaithe níos doimhne agus níos spriocdhírithe a thabhairt do thairbhithe, lena n-áirítear bearta nach mbeadh rochtain acu orthu murach sin (e.g. oideachas dara nó tríú leibhéal). Dá bhrí sin, leis an gciste is féidir seirbhísí a dhearadh atá níos oiriúnaí do riachtanais oibrithe iomarcacha aonair, i bhfad níos mó ná na gnáthchúrsaí agus na bearta is féidir a thairiscint. I gcodarsnacht leis sin, tá tacaíocht CSE+ dírithe ar dhaonra níos leithne (iad sin atá ag obair agus nach bhfuil ag obair). Uaireanta déanann na Ballstáit bearta CED agus CSE+ a chomhcheangal chun réitigh ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon a sholáthar.

Ar leibhéal an cháis, is iondúil go gcuireann CED le bearta náisiúnta nó CSE+ atá ann cheana, rud a chomhlánaíonn iad le bearta nua nó a chuireann borradh faoi na bearta atá ann cheana e.g. trí chóimheas na gcomhairleoirí le tairbhithe a mhéadú nó trí shíneadh a chur leis an tréimhse thacaíochta[17]. Is é an critéar cinntitheach maidir le rogha na n-ionstraimí an bealach is fearr chun cabhrú leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Is faoi na Ballstáit atá sé na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí is mian leo a úsáid a roghnú chun na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach[18].

Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le cistí CSE+ nó CED a úsáid agus an chomhlántacht idir an dá chiste a bhainistiú agus dálaí reatha an mhargaidh saothair á gcur san áireamh.

Le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2021/691, ceanglaítear ar na Ballstáit na sásraí is gá a chur i bhfeidhm chun aon riosca maidir le cistiú dúbailte ó ionstraimí airgeadais an Aontais a chosc. I bhformhór na mBallstát, tá Údarás Bainistíochta CSE+ freagrach freisin as CED a chur chun feidhme, rud a chuireann ar a gcumas a áirithiú nach bhfuil aon chistiú dúbailte ann.

## 2.3. Iarratais ar diúltaíodh dóibh

Níor dhiúltaigh an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle d'aon cheann de na hiarratais a fuarthas in 2023 agus 2024.

[17] Faoi reachtaíocht réigiúnach na Vallúine, is féidir le hoibrithe iomarcacha cabhair a fháil ó aonad ath-imlonnaithe a ghníomhachtaítear ar iarratas ó cheardchumann. Rinne na haonaid ath-imlonnaithe sin bainistiú ar chur chun feidhme bhearta cómhaoinithe CED (EGF/2022/002 BE/TNT, EGF/2023/001 BE/Logistique Nivelles, EGF/2023/002 BE/Makro, agus EGF/2024/001 BE/Match-Smatch). Leis sin, bhíothas in ann síneadh suas le 24 mhí a chur le fad caighdeánach 12 mhí na n-aonad ath-imlonnaithe agus bearta breise a dhéanamh chun a bpacáiste beart a chomhlánú, amhail ranníocaíochtaí le gnólachtaí nuathionscanta, sochair fostaithe nó dreasachtaí d'oibrithe chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna áirithe.

[18] Cuireadh tacaíocht CED d'oibrithe iomarcacha san earnáil miotail sa Spáinn (EGF/2021/001 ES/Pais Vasco metal) chun feidhme mar chuid de chlár cabhrach níos leithne (AukerabeRRI) a chuidigh le gnólachtaí oibrithe oilte a aimsiú a oireann dá riachtanais, agus oibrithe a leagadh as a bpost chun poist nua a aimsiú.

## 2.4. Torthaí a baineadh amach

Is iad tuarascálacha críochnaitheacha na mBallstát na príomhfhoinsí faisnéise maidir leis na torthaí a bhain CED amach, tuarascálacha atá le cur isteach tráth nach déanaí ná 7 mí tar éis dheireadh an chur chun feidhme (6 mhí le haghaidh na gcásanna faoin Rialachán maidir le CED 2014-2020[19]). Ina theannta sin, cuireann na Ballstáit faisnéis ar fáil sa teagmháil dhíreach a bhíonn acu leis an gCoimisiún, e.g. le linn cruinnithe agus comhdhálacha, agus i ndáil le hobair mheastóireachta agus iniúchta. Déantar achoimre thíos ar na príomhthorthaí agus na príomhshonraí a thuairiscigh 7 mBallstát in 2023-2024.

[19] Rialachán (AE) Uimh 1309/2013

*Tábla 4: Stádas na dtairbhithe cuidithe sa mhargadh saothair (tuarascálacha críochnaitheacha a fuarthas in 2023 agus 2024)*

| Tagairt CED | EGF/2020/001 | EGF/2020/002 | EGF/2020/003 | EGF/2020/005 | EGF/2020/007 | EGF/2021/001 | EGF/2021/002 | EGF/2021/003 | EGF/2021/004 | EGF/2021/005 | EGF/2021/006 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cás | Earnálacha coimhdeacha longthógála na Gailíse | Tionscal turasóireachta na hEastóine | GMH Guss | Swissport | Finnair | Miotal País Vasco | Air Italy | Port Canale | Gluaisteáin Aragón | Airbus | Gluaisteáin Cataluña | 11 Thuarascáil Chríochnaitheacha |
| Ballstát | ES | EE | DE | BE | FI | ES | IT | IT | ES | FR | ES | ó sheacht mBallstát |
| Earnáil | Longthógáil | Turasóireacht | Miotail bhunúsacha | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair | Aeriompar | An tionscal miotalóireachta | Aeriompar | Gníomhaíochtaí ollstórála agus tacaíochta le haghaidh iompair | Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí | Monarú trealaimh iompair | Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí | |
| Dáta an iarratais | 13-May-2020 | 12-Nov-2020 | 15-Dec-2020 | 22-Dec-2020 | 30-Dec-2020 | 25-Jun-2021 | 15-Jul-2021 | 15-Jul-2021 | 26-Jul-2021 | 26-Jul-2021 | 23-Sep-2021 | |
| Oibrithe a briseadh as a bpost | 960 | 10,080 | 585 | 1,468 | 508 | 491 | 611 | 190 | 1,052 | 508 | 705 | 17,158 |
| Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 500 | 5,060 | 476 | 1,468 | 500 | 300 | 611 | 190 | 320 | 297 | 450 | 10,172 |
| Dáta tosaigh na mbeart | 30-Nov-2020 | 1-Jan-2021 | 1-Apr-2020 | 9-Jun-2020 | 21-Oct-2020 | 11-Jun-2021 | 4-Nov-2020 | 8-Oct-2020 | 1-Jun-2022 | 1-Nov-2020 | 6-Sep-2023 | |
| Dáta deiridh na mbeart | 13-Aug-2022 | 30-Jun-2023 | 18-Aug-2022 | 22-Dec-2022 | 30-Dec-2022 | 24-Nov-2023 | 25-Oct-2023 | 17-Dec-2023 | 17-Dec-2023 | 17-Feb-2024 | 8-Mar-2024 | |
| Spriocdháta don Tuarascáil Chríochnaitheach | 13-Feb-2023 | 1-Jul-2023 | 15-Jun-2023 | 22-Jun-2023 | 30-Jun-2023 | 25-Jun-2024 | 17-Jul-2024 | 17-Jul-2024 | 17-Jul-2024 | 17-Sep-2024 | 9-Oct-2024 | |
| Dáta iarbhír chur isteach na Tuarascála Críochnaithí | 10-Feb-2023 | 5-Jun-2024 | 21-Jun-2023 | 19-Jun-2023 | 16-May-2023 | 21-Jun-2024 | 16-Jul-2024 | 16-Jul-2024 | 12-Jul-2024 | 16-Oct-2024 | 8-Oct-2024 | |
| Cás arna fhoirceannadh roimh an 31/12/2024 | FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | FOIRCEANNADH | FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | NÍOR FOIRCEANNADH | |
| TORTHAÍ AG DEIREADH THRÉIMHSE CHUR CHUN FEIDHME CED, BUNAITHE AR THUARASCÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA NA MBALLSTÁT | | | | | | | | | | | | |
| Tairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 521 | 1,687 | 200 | 898 | 481 | 80 | 601 | 190 | 263 | 299 | 93 | 5,313 |
| % na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 104% | 33% | 42% | 61% | 96% | 27% | 98% | 100% | 82% | 101% | 21% | 52% |
| Stádas mhargadh saothair na dtairbhithe a fhaigheann cúnamh ó ranníocaíocht CED * | | | | | | | | | | | | |
| Tairbhithe a ath-imeascadh ag deireadh thréimhse cur chun feidhme CED | 362 | 1,427 | 79 | 458 | 366 | 57 | 300 | 82 | 116 | 136 | 15 | 3,398 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 69% | 85% | 40% | 51% | 76% | 71% | 50% | 43% | 44% | 45% | 16% | 64% |
| ar díobh sin | | | | | | | | | | | | |
| tairbhithe spleácha | 350 | 1,351 | 78 | 445 | 363 | 56 | 288 | 82 | 116 | 25 | 14 | 3,168 |
| daoine féinfhostaithe | 12 | 76 | 1 | 13 | 3 | 1 | 12 | 0 | 0 | 111 | 1 | 230 |
| Tairbhithe san oideachas/oiliúint | 0 | 0 | 9 | 0 | 23 | 0 | 0 | 0 | 0 | 9 | 1 | 42 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 0% | 0% | 5% | 0% | 5% | 0% | 0% | 0% | 0% | 3% | 1% | 1% |
| Tairbhithe dífhostaithe nó neamhghníomhacha - cúiseanna éagsúla ** | 159 | 68 | 103 | 440 | 92 | 23 | 266 | 0 | 147 | 17 | 77 | 1,392 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 31% | 4% | 52% | 49% | 19% | 29% | 44% | 0% | 56% | 6% | 83% | 26% |
| Stádas na dtairbhithe N/B | 0 | 192 | 9 | 0 | 0 | 0 | 35 | 108 | 0 | 137 | 0 | 481 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 0% | 11% | 5% | 0% | 0% | 0% | 6% | 57% | 0% | 46% | 0% | 9% |
| | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

* I bprionsabal, léiríonn stádas na dtairbhithe sa mhargadh saothair an staid ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme.

** Ciallaíonn neamhghníomhach nach bhfuil daoine sa mhargadh saothair a thuilleadh ar chúiseanna éagsúla, e.g. dul ar scor nó bás.

*2.4.1. Achoimre ar na torthaí a tuairiscíodh in 2023 agus 2024*

In 2023-2024, fuair an Coimisiún 11 thuarascáil chríochnaitheacha maidir le cásanna a cuireadh chun feidhme ó mhí an Mheithimh 2020 go mí an Mhárta 2024, ar bhain 5 cinn díobh le cásanna faoin Rialachán maidir le CED 2014-2020.

Léiríonn figiúirí comhiomlánaithe ó na tuarascálacha críochnaitheacha miondealú inscne sách cothrom ar thairbhithe (58 % fir go 42 % mná), cé gur tharla iomarcaíochtaí den chuid is mó in earnálacha ina raibh fir den chuid is mó sa lucht saothair. Is é an míniú atá air sin cás sonrach amháin d'oibrithe turasóireachta san Eastóin, áit ar mná iad beirt as gach triúr a fuair tacaíocht. Ós rud é go raibh an cás sin cothrom le haon trian d'iomlán na n-oibrithe a fuair tacaíocht, fritháiríodh na cásanna inar fir iad 90 % nó níos mó.

Bhí tairbhithe atá 54 bliana d'aois nó níos sine (18 %) níos líonmhaire ná iad siúd atá faoi bhun 30 bliain d'aois (13 %). Bhí oideachas treasach (25 %) curtha i gcrích ag níos mó oibrithe cuidithe ná oideachas bunscoile nó meánscoile sóisearaí (19 %).

Léirítear sna tuarascálacha críochnaitheacha go raibh poist nua faighte ag 64 % de na 5 313 oibrí ar tugadh cúnamh dóibh faoi dheireadh thréimhse cur chun feidhme CED. Bhí thart ar 1 % de thairbhithe fós i mbun oideachais nó oiliúna, bhí 26 % díobh dífhostaithe nó neamhghníomhach ar chúiseanna éagsúla, agus i gcás an 9 % eile ní raibh aon stádas fostaíochta ar fáil.

Ba é 52 % ar an meán ráta rochtana an tairbhí (oibrithe ar tugadh cúnamh dóibh trí CED do thairbhithe measta), ach bhí éagsúlacht mhór ann ó chás go cás. In 5 chás, bhí an ráta thart ar 100 %, le corrlach ± 4 phointe céatadáin, agus i gcás amháin bhí sé os cionn 80 %. Os a choinne sin, ba iad 33 % agus 21 % na rátaí ab ísle. Tá imthosca gach cáis sonrach go leor, rud a fhágann go bhfuil sé deacair meastachán beacht a dhéanamh. Maidir le ráta rochtana an tairbhí, bhí an ráta is airde agus is ísle ag an mBallstát céanna (an Spáinn).

Tugtar tuairisc i dtuarascálacha críochnaitheacha na mBallstát ar an gcaoi a raibh siad in ann oibrithe iomarcacha a threorú i dtreo fostaíocht nua trí bhearta pearsantaithe a dhearadh atá saincheaptha dá riachtanais. Deimhníodh freisin sna tuarascálacha freisin go raibh CED in ann luach a chur le bearta na mBallstát féin chun cabhrú le tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú poist nua a aimsiú agus iad féin a athshuí sa mhargadh saothair.

*2.4.2. Ráta athimeasctha an tairbhí*

Bunaithe ar na tuarascálacha a fuarthas, faoi dheireadh na mbeart bhí 3 398 rannpháirtí (64 %) fostaithe arís, fostaithe a bhí i 3 168 (93 %) acu agus daoine féinfhostaithe a bhí in 230 (7 %) acu.

Faoin Rialachán maidir le CED 2014-2020, ní mór do na Ballstáit tuairisciú ar staid fostaíochta na dtairbhithe 18 mí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme. De réir sonraí a fuarthas ón Eastóin, ón mBeilg, ón nGearmáin agus ón Spáinn, tá fostaíocht nua aimsithe ag níos mó ná 80 % de na tairbhithe agus tá siad i staid cobhsaíochta poist (tá tuarascáil amháin fós le cur isteach).

San Eastóin, bhí 85 % de na tairbhithe fostaithe ag deireadh na tréimhse idirghabhála, agus bhí an ráta ath-imeasctha céanna ann do mhná agus d'fhir araon; 18 mí ina dhiaidh sin, tháinig méadú aon phointe céatadáin go 86 % ar an ráta. Sa Bheilg, tháinig méadú 31 phointe céatadáin suas go 82 % ar an ráta athfhostaíochta, méadú 11 phointe céatadáin suas go 80 % sa Spáinn agus méadú 7 bpointe céatadáin suas go 47 % sa Ghearmáin.

Faoin Rialachán maidir le CED 2021-2027, is é 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme an sprioc-am chun tuairisciú a dhéanamh ar staid fostaíochta na dtairbhithe. Mar sin féin, ní raibh roinnt Ballstát in ann tuarascáil a chur isteach mar gheall ar shaincheist theicniúil sa mhodúl tuairiscithe SFC, rud a chiallaíonn nach bhfuil sonraí ar fáil ach amháin le haghaidh EGF/2021/004 ES/Gluaisteáin Aragón.

Tháinig méadú ar an ráta athfhostaíochta sa chás sin tar éis 6 mhí ó 44 % (116 dhuine) go 70 % (185 dhuine). Bhí an ráta do mhná (40 %) 8 bpointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí i gcás na bhfear (48 %) ag deireadh na hidirghabhála, ach tar éis 6 mhí ba é 70 % an ráta d'fhir agus do mhná.

Níl na figiúirí ionadaíoch don ráta iarbhír athfhostaíochta toisc go bhfuil na sonraí neamhiomlán agus go n-athraíonn an líon míonna idir deireadh na tréimhse cur chun feidhme agus an t-am a bhailítear na sonraí. Dá bhrí sin, ní chuirtear i láthair iad i dTábla 5 ach amháin chun críoch léiriúcháin.

***Tábla 5: Stádas fostaíochta míonna tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme***

| Tagairt CED | EGF/2020/001 | | EGF/2020/002 | | EGF/2020/003 | | EGF/2020/005 | | EGF/2021/004 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cás | Longthógáil choimhdeach na Gailíse | | Tionscal turasóireachta na hEastóine | | GMH Guss | | Swissport | | Gluaisteáin Aragón | |
| Ballstát | ES | | EE | | DE | | BE | | ES | |
| Earnáil | Longthógáil | | Turasóireacht | | Miotail bhunúsacha | | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair | | Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí | |
| Dáta an iarratais | 13-May-2020 | | 12-Nov-2020 | | 15-Dec-2020 | | 22-Dec-2020 | | 26-Jul-2021 | |
| Oibrithe a briseadh as a bpost | 960 | | 10,080 | | 585 | | 1,468 | | 1,052 | |
| Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 500 | | 5,060 | | 476 | | 1,468 | | 320 | |
| Dáta tosaigh na mbeart | 30-Nov-2020 | | 1-Jan-2021 | | 1-Apr-2020 | | 9-Jun-2020 | | 1-Jun-2022 | |
| Dáta deiridh na mbeart | 13-Aug-2022 | | 30-Jun-2023 | | 18-Aug-2022 | | 22-Dec-2022 | | 17-Dec-2023 | |
| Spriocdháta don Tuarascáil Chríochnaitheach | 13-Feb-2023 | | 1-Jul-2023 | | 15-Jun-2023 | | 22-Jun-2023 | | 17-Jul-2024 | |
| Dáta iarbhír chur isteach na Tuarascála Críochnaithí | 10-Feb-2023 | | 5-Jun-2024 | | 21-Jun-2023 | | 19-Jun-2023 | | 12-Jul-2024 | |
| Cás arna fhoirceannadh roimh an 31/12/2024 | FOIRCEANNADH | | NÍOR FOIRCEANNADH | | NÍOR FOIRCEANNADH | | FOIRCEANNADH | | NÍOR FOIRCEANNADH | |
| TORTHAÍ AG DEIREADH THRÉIMHSE CHUR CHUN FEIDHME CED, BUNAITHE AR THUARASCÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA NA MBALLSTÁT | | | | | | | | | | |
| Tairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 521 | | 1,687 | | 200 | | 898 | | 263 | |
| % na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 104% | | 33% | | 42% | | 61% | | 82% | |
| Stádas mhargadh saothair na dtairbhithe a fhaigheann cúnamh | Deireadh an chur chun feidhme | Deireadh an chur chun feidhme + 18 mí | Deireadh an chur chun feidhme | Deireadh an chur chun feidhme + 18 mí | Deireadh an chur chun feidhme | Deireadh an chur chun feidhme + 18 mí | Deireadh an chur chun feidhme | Deireadh an chur chun feidhme + 18 mí | Deireadh an chur chun feidhme | Deireadh an chur chun feidhme + 6 mhí |
| | 362 | 419 | 1,427 | 1,444 | 79 | 94 | 458 | 734 | 116 | 185 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 69% | 80% | 85% | 86% | 40% | 47% | 51% | 82% | 44% | 70% |
| ar díobh sin | | | | | | | | | | |
| tairbhithe spleácha | 350 | 402 | 1,351 | 1,372 | 78 | neamhbhainteach | 445 | 715 | 116 | 184 |
| daoine féinfhostaithe | 12 | 17 | 76 | 77 | 1 | neamhbhainteach | 13 | 19 | 0 | 1 |
| Tairbhithe san oideachas/oiliúint | 0 | 0 | 0 | 0 | 9 | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 0% | 0% | 0% | 0% | 5% | 4% | 0% | 0% | 0% | 0% |
| Tairbhithe dífhostaithe nó neamhghníomhacha - cúiseanna éagsúla * | 159 | 102 | 68 | 34 | 103 | 95 | 440 | 136 | 147 | 78 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 31% | 20% | 4% | 2% | 52% | 48% | 49% | 15% | 56% | 30% |
| Stádas na dtairbhithe N/B | 0 | 0 | 192 | 204 | 9 | 4 | 0 | 28 | 0 | 0 |
| % na dtairbhithe ar tugadh cúnamh dóibh | 0% | 0% | 11% | 12% | 5% | 2% | 0% | 3% | 0% | 0% |
| | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

### *2.4.3. Suirbhé ar thairbhithe*

Mar cheanglas nua ó 2021, ní mór suirbhé ar thairbhithe a dhéanamh le haghaidh gach cás CED chun críoch meastóireachta. Is é an Coimisiún a dhear teimpléad an tsuirbhé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus aistríodh é go teangacha oifigiúla uile an Aontais. Seoltar na suirbhéanna le linn an 6ú mí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme agus is féidir leis na rannpháirtithe rochtain a fháil orthu ar shuíomh gréasáin Shuirbhé an Aontais ar feadh 4 seachtaine ar a laghad.

Áirithítear le suirbhé ar thairbhithe do gach cás CED cur chuige níos cáilíochtúla maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chiste agus ar a **éifeachtaí fadtéarmacha ar**

* Ciallaíonn ‘neamhghníomhach’ nach bhfuil daoine ar an margadh saothair a thuilleadh ar chúiseanna éagsúla, e.g. dul ar scor.

**infhostaitheacht ghinearálta na dtairbhithe**, ó thaobh scileanna agus cáilíochtaí nua a fháil, agus muinín agus féinmheas a fháil, etc.

Tá achoimre ar na freagraí ó fhreagróirí le fáil thíos.

- Dúirt níos mó ná leath de na freagróirí go raibh scileanna nó cáilíochtaí nua bainte amach acu. Bhain duine amháin as gach triúr cáilíochtaí digiteacha amach agus bhí scileanna comhshaoil/glasa faighte ag duine as gach ceathrar.
- Bhí féinmhuinín faighte ag 48 % de na freagróirí agus bhraith thart ar 46 % díobh siúd nach bhfuair post nua go raibh siad **níos cáilithe** tar éis dóibh páirt a ghlacadh sna bearta a chómhaoinigh CED.
- Bhí thart ar 47 % de na freagróirí ar ais i bhfostaíocht, oibrithe spleácha a bhí i 38 % acu agus daoine féinfhostaithe a bhí i thart ar 9 % acu.
- Maidir le **cáilíocht na bpost nua**, bhí **poist lánaimseartha (89 %)** ag formhór na bhfreagróirí a d'fhill ar an obair mar oibrithe cleithiúnacha, **beirt as triúr a raibh conarthaí buana acu.** I gcás fhormhór na bhfreagróirí (56 %), bhí dálaí oibre inchomparáide nó níos fearr ná mar a bhí sa phost a bhí acu roimhe sin (56 %), agus bhí duine as gach ceathrar níos measa as. Bhí an tuarastal inchomparáide nó níos fearr le haghaidh 46 % de na freagróirí agus ní ba mheasa i gcás 41 %. Dúirt triúr as gach ceathrar oibrithe go raibh orthu níos lú nó an oiread uaireanta ragoibre gan phá agus a bhí ann roimhe sin a oibriú.
- As measc na bhfreagróirí a d'fhill ar an obair mar dhaoine féinfhostaithe, d'oibrigh triúr as gach ceathrar go lánaimseartha. Bhí beagnach **leath de na gnólachtaí a chruthaigh daoine féinfhostaithe ag feidhmiú le dhá bhliain nó níos mó** agus bhí ceann amháin as gach trí cinn ag feidhmiú ar feadh idir 12 mhí agus 24 mhí. Fostaíonn gnólacht amháin as gach cúig cinn daoine seachas an t-úinéir.
- Murab ionann agus oibrithe cleithiúnacha, bhí tuilleamh níos ísle ag formhór na n-oibrithe féinfhostaithe (78 %) ná mar a bhí ina bpost roimhe sin, agus níor thuairiscigh ach 11 % díobh tuilleamh níos fearr. Mar sin féin, i gcás níos mó ná **leath de na hoibrithe féinfhostaithe a raibh tuilleamh níos ísle acu, bhí feabhas tagtha ar dhálaí oibre.**
- Dúirt leath na bhfreagróirí ar oibrithe cleithiúnacha iad gur chuidigh na bearta tacaíochta arna gcómhaoiniú ag CED leo an post atá acu faoi láthair a fháil, cé nárbh amhlaidh an cás don leath eile. I measc 71 % de na freagróirí, dúirt siad gur chuidigh an tacaíocht a fuair siad leo a bheith féinfhostaithe.

## 2.5. Feidhmiú airgeadais

*2.5.1. Ranníocaíochtaí CED*

Is ionstraim théamach speisialta é CED mar a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027[20]. Socraíodh uasteorainn bhliantúil suas le EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) ar dtús do 2021-2027, ach in 2024, laghdaíodh an uasteorainn bhliantúil go EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018) le haghaidh 2024-2027 chun riachtanais mhaoiniúcháin a thagann chun cinn i réimsí eile a chur san áireamh, lena n-áirítear tacaíocht don Úcráin, teannas geopholaitiúil, tubaistí nádúrtha, etc.

Íoctar ranníocaíocht CED leis an mBallstát in aon tráthchuid amháin mar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin 100 %. Tá an íocaíocht dlite laistigh de 15 lá oibre ón dáta a thugtar fógra don Choimisiún faoi fhormheas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an aistriú buiséadach.

In 2023-2024 d'fhormheas an t-údarás buiséadach cistiú d'ocht gcás dar luach EUR 16 445 516 san iomlán. Áiríodh i gcostas measta iomlán na seirbhísí pearsantaithe[21] caiteachas a raibh sé beartaithe é a leithdháileadh mar seo a leanas: 55 % le haghaidh gairmthreorach, 19 % le haghaidh oiliúna, 19 % le haghaidh liúntas agus dreasachtaí, agus 7 % chun fiontraíocht a chur chun cinn.

*2.5.2. Cúnamh teicniúil*

Faoi Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/691, agus ar thionscnamh an Choimisiúin, is féidir suas le 0.5 % d'uasteorainn bhliantúil an chiste a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil. Úsáidfear an méid sin chun na gníomhaíochtaí is gá chun CED a chur chun feidhme a mhaoiniú, amhail ullmhúcháin, faireacháin agus sonraí a bhailiú, bonn eolais a chur a bun, tacaíocht riaracháin agus theicniúil, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chomh maith le hobair iniúchóireachta, rialaithe agus meastóireachta. Le haghaidh 2023, chuir an t-údarás buiséadach EUR 190 000 ar fáil, is é sin 0,09 % d'uasteorainn bhliantúil an chiste i gcomparáid le EUR 165 000 nó 0,08 % d'uasteorainn bhliantúil an chiste in 2024[22].

---

[20]Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

[21] Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(2)(a) agus (b) den Rialachán maidir le CED.

[22] In 2024, laghdaíodh uasteorainn bhliantúil CED ó EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) go EUR 30 milliún (praghsanna 2018).

*Tábla 6.1: Caiteachas ar chúnamh teicniúil in 2023*

| Tuairisc | Costas iomlán arna bhuiséadú | Gealltanais iarbhír | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Tacaíocht riaracháin | EUR 90 000 | EUR 38 480,47 | Cumhdaítear leis an gcaiteachas sin na costais seo a leanas:<br>a) cruinniú na dteagmhálaithe a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2023 sa Bhruiséil agus ina dhiaidh sin cuairt ar aonad ath-imlonnaithe a fhaigheann tacaíocht ó CED in Charleroi; agus<br>b) gníomhaíochtaí faisnéise: Láithreacht CED ar líne agus cothabháil shuíomh gréasáin CED. |
| Tacaíocht theicniúil | EUR 100 000 | EUR 99 591,70 | Modúil CED a chothabháil in SFC 2014 agus nuashonrú agus forbairt bhreise a dhéanamh in SFC 2021[23] |
| **Costais iomlána** | **EUR 190 000** | **EUR 138 072.17** | |

*Tábla 6.2: Caiteachas ar chúnamh teicniúil in 2024*

| Tuairisc | Costas iomlán arna bhuiséadú | Gealltanais iarbhír | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Tacaíocht riaracháin | EUR 75 000 | EUR 59 480,20 | Cumhdaítear leis an gcaiteachas sin na costais seo a leanas:<br>a) cruinniú na dteagmhálaithe a tionóladh i mí na Samhna 2024 in Düsseldorf agus ina dhiaidh sin cuairt ar áitreabh Vallourec ina bhfuair oibrithe iomarcacha tacaíocht ó CED trí chuideachta aistrithe.<br>b) gníomhaíochtaí faisnéise: Láithreacht CED ar líne agus cothabháil shuíomh gréasáin CED. |
| Tacaíocht theicniúil | EUR 90 000 | EUR 99 973,07 | Modúil CED a chothabháil in SFC 2014 agus nuashonrú agus forbairt bhreise a dhéanamh in SFC 2021 (modúl na tuarascála críochnaithí).<br>Rinneadh EUR 10 000 a ath-leithdháileadh ó thacaíocht riaracháin go tacaíocht theicniúil. |
| **Costais iomlána** | **EUR 165 000** | **EUR159 453,27** | |

### *2.5.3. Neamhrialtachtaí tuairiscithe*

Níor tuairiscíodh neamhrialtachtaí ar bith don Choimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ná faoi Rialachán (AE) 2021/691 in 2023 nó 2024.

[23] Is córas um malartú sonraí leictreonacha é an Comhchóras Bainistíochta Ciste (SFC).

*2.5.4. Foirceannadh ranníocaíochtaí airgeadais CED*

Déantar cás CED a fhoirceannadh nuair a sheoltar an tuarascáil chríochnaitheach leis an bhfaisnéis uile a iarrtar chuig an gCoimisiún, nuair a bhíonn na haisíocaíochtaí uile atá le híoc íoctha agus nuair nach gá don Bhallstát ná don Choimisiún aon ghníomhaíocht bhreise a ghlacadh. Mar sin féin, tá feidhm fós ag an oibleagáid na doiciméid tacaíochta uile a choinneáil ar feadh 3 bliana agus iad a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí arna iarraidh sin dóibh (Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013).

*Tábla 7: Cásanna a foirceannadh in 2023 agus 2024*

| Tagairt CED | EGF/2016/002 | EGF/2017/007 | EGF/2020/001 | EGF/2020/005 | EGF/2020/007 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cás | Ericsson | Ericsson | Earnálacha coimhdeacha longthógála na Gailíse | Swissport | Finnair | Cúig chás a foirceannadh in 2023 agus 2024 |
| Ballstát | SE | SE | ES | BE | FI | Ceithre Bhallstát |
| Earnáil (ainmníocht ghearr) | Táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla | Táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla | Earnálacha coimhdeacha longthógála | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair | Aeriompar | |
| Dáta an iarratais | 31-Mar-2016 | 9-Aug-2017 | 13-May-2020 | 22-Dec-2020 | 30-Dec-2020 | |
| Oibrithe a briseadh as a bpost | 1,556 | 2,388 | 960 | 1,468 | 508 | 8,731 |
| Daoine ar a bhfuiltear ag díriú | 918 | 900 | 500 | 1,468 | 500 | 5,487 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 6,596,531 | 3,550,667 | 3,424,000 | 6,198,708 | 2,929,600 | 31,064,870 |
| Ranníocaíocht CED | 3,957,918 | 2,130,400 | 2,054,400 | 3,719,224 | 1,752,360 | 18,633,520 |
| Ranníocaíocht ó CED (% den bhuiséad iomlán) | 60% | 60% | 60% | 60% | 60% | |
| Sprioc-am na tuarascála | 30-Sep-2018 | 9-Feb-2020 | 13-Feb-2023 | 22-Jun-2023 | 30-Jun-2023 | |
| Dáta iarbhír cur isteach na tuarascála críochnaithí | 26-Sep-2018 | 6-Feb-2020 | 10-Feb-2023 | 19-Jun-2023 | 16-May-2023 | |
| Dáta foirceanta | 26-May-2023 | 26-May-2023 | 16-Oct-2023 | 31-May-2024 | 19-Oct-2023 | |
| Daoine a fhaigheann cúnamh (oibrithe & NEETanna) | 224 | 80 | 521 | 898 | 481 | 2,204 |
| % de na daoine ar a bhfuiltear ag díriú | 24% | 9% | 104% | 61% | 96% | 40% |
| **Buiséad iarbhír nó tomhaltas buiséid (gach méid in EUR)** | | | | | | |
| Caiteachas incháilithe iomlán | 1,556,565.00 | 483,488.00 | 2,129,276.35 | 1,892,828.00 | 1,351,873.49 | 7,414,030.84 |
| Sciar CED den chaiteachas iomlán | 933,939.00 | 290,092.80 | 1,277,565.81 | 1,135,696.80 | 811,124.09 | 4,448,418.50 |
| Ionsúchán chistiú CED | 23.60% | 13.62% | 62.19% | 30.54% | 46.29% | 24% |
| Cistiú CED a aisíocadh leis an gCoimisiún Eorpach (cistiú nár caitheadh) | 3,023,979.00 | 1,840,307.20 | 776,834.19 | 2,583,527.20 | 941,235.91 | 14,185,101.50 |
| Ráta aisíocaíochta | 76.40% | 86.38% | 37.81% | 69.46% | 53.71% | 76% |

In 2023 agus 2024, foirceannadh 5 chás a cuireadh chun feidhme idir 2016 agus 2020. Ba é an ráta ionsúcháin ar an meán 24 %, agus ba é 13,62 % an ráta ab ísle agus 62,16 % an ráta ab airde. Tá cúiseanna éagsúla ann nach n-úsáideann na Ballstáit na méideanna iomlána a deonaíodh. Cé go spreagtar iad meastacháin bhuiséid réalaíocha a dhéanamh le haghaidh an phacáiste comhordaithe seirbhísí pearsantaithe, ní bhítear in ann pleanáil chruinn a dhéanamh i gcónaí ag céim an iarratais. Bíonn sé de nós freisin ag na Ballstáit rómheastacháin a thabhairt maidir le buiséid agus lamháil sábháilteachta ard a chur isteach ina gcuid ríomhanna tosaigh chun an riosca maidir le róchaiteachas a laghdú nó toisc go bhfuil go leor

éiginnteachta ann nuair a bhíonn an t- iarratas á dhéanamh, e.g. próifílí agus riachtanais tairbhithe ionchasacha.

Tá dlúthnasc idir ráta ionsúcháin ranníocaíocht airgeadais CED agus ráta rochtana an tairbhí agus na roghanna a dhéanann na tairbhithe. Is féidir rómheastachán a dhéanamh sa chéim phleanála ar an líon oibrithe atá toilteanach a bheith rannpháirteach sna bearta a bheartaítear. D'fhéadfadh leibhéal níos ísle rannpháirtíochta ná mar a bhí coinne leis tarlú mar gheall ar staid an mhargaidh saothair a bheith ag feabhsú nó mar gheall ar thosca pearsanta nach raibh coinne leo, amhail oibrithe a aimsíonn poist nua as a stuaim féin, easpa spreagtha nó roghnú dul ar luathscor. Thairis sin, d'fhéadfadh roinnt oibrithe bearta gearrthéarmacha, agus, dá bhrí sin, níos saoire, a roghnú arb é is aidhm dóibh filleadh go tapa ar an bhfostaíocht seachas bearta fadtéarmacha níos costasaí.

I measc na gcúiseanna eile a bhí leis an gcaiteachas íseal bhí moill ó thaobh tús a chur leis na bearta, easpa foirne chun iad a chur chun feidhme, úsáid neamhleor na féidearthachta cistí a ath-leithdháileadh idir míreanna buiséid nó tuilleadh cistiúcháin ná mar a bhí coinne leis ar dtús a bheith ar fáil ar leibhéal na mBallstát.

Cuireann an Coimisiún treoraíocht ar fáil do na Ballstáit ó chéim an iarratais ar aghaidh chun bainistíocht optamach cistí a spreagadh agus feabhas a chur ar an ráta cur chun feidhme. De réir mar a fhaigheann na Ballstáit taithí, meastar go dtiocfaidh feabhas ar bhuiséadú na mbeart agus ar na réamhaisnéisí 24 mhí maidir le rannpháirtíocht oibrithe. Tá feabhsuithe á dtabhairt faoi deara freisin ag an gCoimisiún ar an gcaoi a n-oibríonn na comhlachtaí éagsúla comhordúcháin agus cur chun feidhme agus ar cháilíocht na cumarsáide idir na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha/áitiúla.

## 2.6. Gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil arna ndéanamh ag an gCoimisiún

### *2.6.1. Faisnéis agus poiblíocht – an suíomh gréasáin*

Le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/691, ceanglaítear ar an gCoimisiún suíomh gréasáin a bhunú, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i dteangacha uile an Aontais.

In 2023-2024, choinnigh an Coimisiún suíomh gréasáin CED[24] cothrom le dáta le faisnéis ábhartha. Cuireann an suíomh gréasáin treoraíocht ar fáil maidir le hiarratais a chur isteach, faisnéis ar iarratais arna nglacadh agus arna ndiúltú, agus cuireann sé i láthair fíorais agus figiúirí tábhachtacha maidir le hiarratais a rinneadh roimhe sin. Is féidir le húsáideoirí mionsonraí a fháil chomh maith faoi theagmhálaithe CED sna Ballstáit agus naisc le foilseacháin, nuacht agus imeachtaí a bhaineann le CED arna n- eagrú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit.

[24] www.ec.europa.eu/egf

*2.6.2. Cruinnithe le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara CED*

Tionóladh cruinnithe maidir le cásanna leanúnacha agus iarratais CED a bhí beartaithe, gnéithe nua den Rialachán maidir le CED 2021-2027, comhroinnt dea- chleachtas CED agus saincheisteanna ábhartha eile. Tionóladh dhá chruinniú le teagmhálaithe CED[25] (an 29ú agus an 30ú cruinniú), cruinniú amháin sa Bhruiséil i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus cruinniú amháin in Düsseldorf i mí na Samhna 2024, agus cuairt chás-staidéir ina dhiaidh sin. In 2023, tugadh an chuairt in Charleroi (an Bheilg) inar chuir aonad ath-imlonnaithe arna chómhaoiniú ag CED tacaíocht ar fáil d'oibrithe Lóistíocht Nivelles agus Makro. In 2024, le linn cuairt ar áitreabh Vallourec in Düsseldorf, d'fhoghlaim teagmhálaithe CED conas a chabhraigh cuideachta aistrithe le hiar-oibrithe Vallourec poist nua a aimsiú.

*2.6.3. Córas um malartú sonraí leictreonacha (SFC2021)*

Rinneadh tuilleadh forbartha ar chomhéadan CED in SFC2021. Go háirithe, rinneadh modúl na tuarascála críochnaithí a ailíniú le ceanglais an Rialacháin maidir le CED 2021-2027.

*2.6.4. Meastóireacht mheántéarma an Choimisiúin ar CED 2021-2027*

Rinne an Coimisiún meastóireacht mheántéarma chun measúnú a dhéanamh ar conas agus ar a mhéid a bhain CED a chuspóirí amach sa tréimhse a ndearnadh anailís uirthi (2021-2024) i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán maidir le CED. Déantar measúnú sa mheastóireacht ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach Eorpach CED, ag díriú go háirithe ar na hathruithe móra a tugadh isteach ó 2021[26]. Cé gur simplíodh an próiseas iarratais agus na nósanna imeachta, bhí glacadh an chiste fós íseal mar gheall ar mhargaí saothair láidre, foinsí cistiúcháin malartacha (e.g. CSE+, CUAC), nósanna imeachta fada agus castacht riaracháin. Rinneadh scrúdú sa mheastóireacht mheántéarma ar 18 n-iarratas CED[27] a fuarthas ó 7 mBallstát idir 2021 agus 2024 (sa tionscal gluaisteán, san iompar agus sa trádáil den chuid is mó) agus ar 7 dtuarascáil chríochnaitheacha a fuarthas sa ráithe dheireanach de 2024.

Ó thaobh **éifeachtachta** de, chuir CED tacaíocht aonair ar fáil d'oibrithe iomarcacha a bhí saincheaptha dá riachtanais, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Tá na torthaí deiridh fós ar feitheamh, ach léiríonn na réamhshonraí rátaí athimeasctha thart ar 50 %, beagán níos ísle ná mar a bhí na rátaí i dtréimhsí níos luaithe. Sa bhreis ar athimeascadh sa mhargadh saothair, is léir go bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha ag rannpháirtíocht i mbearta CED ar **infhostaitheacht**

[25] Is grúpa saineolaithe iad Teagmhálaithe CED. Ainmníonn údaráis na mBallstát atá freagrach as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha na comhaltaí uile.
[26] Rialachán (AE) 2021/691, IO L 153, 3.5.2021, lgh. 48–70.
[27] Tá na 11 iarratas a fuarthas in 2022-2024 san áireamh, ach gan aon anailís ar na torthaí, a bheidh ar fáil idir 2025 agus 2027

**ghinearálta na dtairbhithe,** ó thaobh scileanna agus cáilíochtaí nua de, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus scileanna comhshaoil/glasa, féinmheas méadaithe, mothú go bhfuil tú cáilithe níos fearr le haghaidh oibre, spreagtha chun steiréitíopaí inscne i roghnú post a shárú agus líonraí sóisialta nua a chruthaítear ó pháirt a ghlacadh i mbearta CED.

Maidir le **héifeachtúlacht**, tá nósanna imeachta níos tapúla agus níos simplí anois ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Mar sin féin, meastar go bhfuil próiseas formheasa an Aontais (5.5 mí)[28] fós rófhada. Ba é 63 % meánráta ionsúcháin an chiste, rud a bhí níos fearr ná tréimhsí roimhe sin. Ní raibh aon fhorluí mór le cistí eile de chuid an Aontais ná le cistí náisiúnta eile. Tá comhlántacht láidir ann le CSE+, cé gur fearr le roinnt Ballstát ionstraimí níos solúbtha a úsáid.

I dtéarmaí **breisluacha**, cuireann CED tacaíocht ar fáil thar an méid is féidir le córais náisiúnta a thairiscint, go háirithe i dtéarmaí déine cabhrach agus seirbhísí atá saincheaptha do riachtanais na dtairbhithe. Dheimhnigh thart ar **70 %** de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo a mbreisluach i suirbhé[29].

[28] Ó dháta an iarratais go dtí dáta na híocaíochta.
[29] Suirbhéanna i scríbhinn maidir leis na páirtithe leasmhara ó na Ballstáit uile a rinneadh le linn mhí Dheireadh Fómhair-Mhí na Nollag 2024.